

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

Todhchaí faoi bhláth a chothú

Ráiteas Straitéise

2022



Clár na nÁbhar

1. RÉAMHRÁ 04-07

1.1. Ráiteas ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin 04
1.2. Samhail Oibriúcháin Bord Bia Amháin 06

2. STRAITÉIS 10 MBLIANA BHORD BIA 08-25

2.1. Léargas Ginearálta & Comhthéacs Straitéiseach 09
2.2. An Bua le Difreáil Chliste 14
2.3. Ár Neart a fhorbairt ó thaobh na hInbhuanaitheachta de 16
2.4. Cothú Inbhuanaithe a Threisiú 20
2.5. Cainéil Athmhúnlaithe a optamú 22
2.6. Comhoibriú Iomlánaíoch a chothú 24

3. STRAITÉIS 3 BLIANA BHORD BIA 26-67

3.1. Léargas Ginearálta & Creat Straitéiseach 26
3.2. Ár gCuspóirí Gnó - 2022 go 2025 28
3.3. Ár gCeisteanna Lárnacha Straitéiseacha - 2022 go 2025 30
3.4. Caithfimid tabhairt faoi 1 - Food Brand Ireland a thógáil agus na pointí cruthúnais a fhorbairt tuilleadh 46
3.5. Caithfimid tabhairt faoi 2 - Bealaí Níos Fearr a aimsiú dár gcliaint agus dár gcustaiméirí chun Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí a chruthú 48
3.6. Caithfimid tabhairt faoi 3 - Tallann ó Earnáil na Tionsclaíochta a Chothú agus a Mhealladh agus Cumas na gCliant a chur chun cinn 50
3.7. Caithfimid tabhairt faoi 4 - Tacú le Nuálaíocht agus Forbairt Branda bunaithe ar léargas 52
3.8. Caithfimid tabhairt faoi 5 - Tacú leis an eagraíocht agus í a chumasú agus straitéis a chur i bhfeidhm 54

4. RIACHTANAIS STRAITÉISEACHA 56-59

4.1. Straitéis um Chlaochlú Digiteach 57
4.2. Straitéis Origin Green 58

RÉAMHRÁ

Ráiteas ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

In 2021 b'fhiú €13.2bn onnmhairí bia agus dí na hÉireann. Is ionann sin agus fás os cionn €2bn, 18% ó 2016 - an bhliain a reáchtáladh an reifreann faoin mBreatimeacht. Is filleadh é freisin ar fhás bliain ar bhliain tar éis an chur isteach suntasach ar an margadh in 2020 nuair a thosaigh paindéim Covid-19 agus cur i bhfeidhm an chomhaontaithe um tharraingt siar idir an AE agus an Ríocht Aontaithe. In ainneoin an tsuaite shuntasaigh a d'fhulaing geilleagar an domhain, tá sé cruthaithe ag an tionscal go bhfuil sé athléimneach.

Mar a leagamar amach inár straitéis 3 bliana roimhe seo, tá Bord Bia tiomanta freagraí tapa agus buana a thabhairt do thimpeallacht ghnó atá ag athrú de shíor. I mí Márta 2020, thugamar freagra ar na réaltachtaí athraitheacha a bhaineann le bheith i mbun gnó, athruithe a cuireadh i bhfeidhm orainn mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Ghlacamar leis an teicneolaíocht dhigiteach agus an ról, atá ag teacht chun cinn, a thairgeann obair hibrideach (agus margaíochta) dúinn, agus dá bhrí sin leanamar ag tacú le huaillmhianta domhanda ár dtionscail.

Agus muid ag bogadh go héiginnte sa saol i ndiaidh na paindéime, tá sé tráthúil do Bhord Bia ár n-uaillmhianta straitéiseacha a mheas agus a leagan amach do na blianta amach romhainn. Sa doiciméad seo, ina n-áirítear ár ráiteas straitéise nua, rinneamar an cinneadh comhfhiosach breathnú 'níos fadtéarmaí' le fís 10 mbliana don todhchaí.

Cuireann an tréimhse 10 mbliana seo ar chumas Bord Bia pleanáil a dhéanamh do na macra-aistrithe a tharlóidh sa mhargadh domhanda nach mór dúinn ullmhú dóibh i bhfad roimh ré. B'fhéidir go mbeadh sé deacair tráthúlacht imeachtaí, cosúil le paindéim dhomhanda, a bhfuil tionchar as cuimse acu, a thuar ach tá a fhios againn anois go leanfaidh an inbhuanaitheacht de bheith mar chúis bhunúsach le haghaidh athrú inár dtionscal.

Tógann straitéis 10 mbliana Bhord Bia ar na huaillmhianta níos leithne a leagtar amach i straitéis Agraibhia 2030 na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Sna 10 mbliana atá amach romhainn beidh Éire ina ceannaire domhanda ó thaobh Córais Bia Inbhuanaithe (SFS). Tabharfaidh sé seo buntáistí suntasacha d'earnáil agraibhia na hÉireann, do shochaí na hÉireann agus don timpeallacht. Soláthróidh an seasamh ceannaireachta a ghlacfaidh an tír an bunús le haghaidh buntáiste iomaíoch sa todhchaí, rud atá fíorthábhachtach dúinne i mBord Bia.

Tosóidh ár gcuid oibre ar an turas 10 mbliana seo in 2022 agus leagtar béim ar phlean soiléir don eagraíocht ar fud an domhain inár straitéis 3 bliana, atá mionsonraithe sa doiciméad seo freisin. Tá cuspóirí gnó soiléire leagtha amach againn le haghaidh gach ceann dár bpríomhearnálacha agus cuirfimid na cuspóirí seo i gcrích i gcoinne ceisteanna lárnacha straitéiseacha. Aithnítear i straitéis nua Bhord Bia 5 'jab atá le déanamh' ag foireann Bhord Bia sna 3 bliana amach romhainn. Tugtar "Caithfimid tabhairt faoi" ar gach ceann díobh seo, rud a léiríonn an riachtanas straitéiseach atá ag gach gné den straitéis dúinn.

Beidh an inbhuanaitheacht i gcroílár ár gcuid oibre go léir sna 3 bliana amach romhainn, agus ár neart san inbhuanaitheacht a thógáil mar chumasóir straitéiseach don tionscal. Déanfaidh claochlú digiteach ár n-eagraíochta amhlaidh freisin; ar bhealaí oibre agus i margaíocht dhigiteach araon.

Tá iarracht an-chomhbheartaithe déanta ag foireann Bhord Bia freagra a thabhairt mar One Team ar na dúshláin a bhaineann le Covid-19 le dhá bhliain anuas le clár a bhaineann le claochlú eagraíochtúil. Tugaimid Bord Bia Amháin ar an gclaochlú eagraíochtúil seo, agus is claochlú é ina bhféadfaimid ár neart a thógáil trí aontacht agus soiléireacht cuspóra.

B'fhéidir nach scríobhtar an todhchaí riamh roimh ré ach tá rud amháin cinnte, bíonn rudaí ag athrú i gcónaí. Agus muid ag tosú amach ar ár dturas 3 bliana agus 10 mbliana atá amach romhainn, tá uaillmhian Bhord Bia soiléir. Táimid i mbun **todhchaí faoi bhláth a chothú** le haghaidh Bia, Deoch agus Gairneoireacht na hÉireann.

Dan MacSweeney
Chair

Tara McCarthy
CEO



INTRODUCTION

Samhail Oibriúcháin Bord Bia Amháin

Is iad na straitéisí corparáideacha 10 mbliana agus 3 bliana, atá mionsonraithe sa doiciméad seo, an bunchloch don bhealach a n-oibreoidh Bord Bia sna blianta amach romhainn. Mar chuid den phróiseas forbartha straitéise, forbraíodh samhail oibriúcháin don eagraíocht a cheanglaíonn ár bhfoirne feidhmiúla ar bhealach nach bhfacthas cheana.

Tugaimid Bord Bia Amháin ar an gclaochlú eagraíochtúil seo - samhail oibriúcháin a chinntíonn go bhfuil gach gníomhaíocht san eagraíocht á stiúradh ag riachtanas gnó.

Tá guth ár gcliant agus guth a gcustaiméirí sin i gcroílár ár straitéise 3 bliana nua. D'aithin ár bhfoireann Earnálacha, ag obair i gcomhpháirt lenár bhfoireann Forbartha Gnó Domhanda, tosaíochtaí straitéiseacha a spreagfaidh ár ngníomhaíochtaí ar fud an domhain agus ar fud na heagraíochta.


Oibríonn Léargas & Pleanáil Straitéiseach, Origin Green, Tallann agus Cumarsáid Mhargaidh mar chumasóirí do na tosaíochtaí seo. Tá gach gníomhaíocht, a nglacaimid páirt ann, leagtha amach chun na tosaíochtaí straitéiseacha seo a bhaint amach.

Treoróidh samhail oibriúcháin Bord Bia Amháin cur i bhfeidhm ár straitéis 3 bliana go 2025 agus déantar 'iompraíochtaí' Bord Bia Amháin a thaifeadadh sa straitéis, iompraíochtaí a ghlacfaidh an eagraíocht leo chun ár n-uaillmhianta a bhaint amach..



BORD BIA OPERATING MODEL

CORPORATE STRATEGY



BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

Straitéis 10 mBliana Bhord Bia

02

Léargas Ginearálta & Comhthéacs Straitéiseach

De réir mar a mheasann Bord Bia an bealach is suntasaí le cur le fás bia agus dí na hÉireann sna deich mbliana amach romhainn, is léir go bhfuil gá le smaointeoireacht iomlánaíoch. Tá muid ag tús thréimhse deich mbliana ina bhfuil gá le smaointeoireacht chomhoibritheach chomh maith le comhghníomhaíocht chun freastal ar riachtanais ár bplainéad agus riachtanais ár dtomhaltóirí araon.


Shroich muid 2021 le dea-cháil bainte amach againn dár náisiún oileánda i saol an bhia agus na dí. Is é an dúshlán ná é seo a dhéanamh chomh ábhartha agus is féidir do thomhaltóirí an domhain, tomhaltóirí a mbíonn a gcuid riachtanais agus a gcuid mianta ag athrú i gcónaí. Is comhlacht stáit é Bord Bia atá freagrach as Bia, Deoch agus Gairneoireacht na hÉireann a chur chun cinn, agus oibríonn sé mar chainéal freisin chun go n-éireoidh le táirgeoirí bia agus dí na hÉireann (feirmeoirí, déantóirí) i gcónaí, táirgeoirí atá ag tabhairt faoi na deich mbliana nua seo ar bhealach uaillmhianach chun margaí nua a thógáil agus a n-áit a neartú i gcatagóirí bia reatha agus catagóirí bia atá ag teacht chun cinn.

Tá áit uathúil ag Bord Bia mar eagraíocht mar go bhfaigheann muid blaiseadh de gach gné den slabhra soláthair. Sna deich mbliana amach romhainn tiocfaidh forbairt ar ár n-ionchur i rath an tionscail agus muid ag iarraidh luach a chruthú ar bhealaí nua agus nuálacha. Is é an smaoineamh mór aontaitheach atá againn do na deich mbliana amach romhainn ná luach a chruthú agus a ghabháil feadh an tslabhra soláthair, ón bhfeirm go dtí an forc, ag cumasú, ag éascú agus ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir ar fud an tslabhra.

Tá an t-ardán a ghlacann Bord Bia chun fás a chumasú sna deich mbliana amach romhainn comhdhéanta de dhá phríomhghné, an chéad cheann, ag cur cáil na hÉireann chun cinn, agus an dara ceann ag tacú leis an tionscal bia, dí agus gairneoireachta le saineolas agus seirbhísí chun fás a éascú.

Cáil na hÉireann a chur chun cinn	**Ag tacú le rath an Tionscail**

Ár bhFís do Thionscal Bia agus Dí na hÉireann



Is ionann fís chomhsheasmhach agus cúrsa seasta a leanúint. Níl aon athrú tagtha ar fhís Bhord Bia (mar a shonraítear thíos) agus léirítear léi an rún atá againn a bheith i gceannas ar tháirgeadh agus ar mhargaíocht bhia agus deoch den chéad scoth as Éirinn, agus tacú leis sin agus is é Origin Green, ar chomhartha den scoth ar inbhuanaitheacht é, atá mar bhunús leis an rún sin. Spreagtar soiléireacht agus diongbháilteacht leis an bhfís seo, agus freastalaíonn gach rud a luaitear sa chaibidil seo uirthi.

Aithníonn custaiméirí mórthimpeall an domhain go bhfuil bia agus deoch na hÉireann den scoth: go bhfuil sé ar ardcháilíocht, saintréitheach, agus á ndéanamh ag raon éagsúil táirgeoirí cruthaitheacha ó ionad oileánda uathúil agus ámharach.

Agus leagann ár dtáirgeoirí síos an caighdeán domhanda i dtáirgeadh inbhuanaithe - iad ag teacht leis an bhfreagracht atá orainn go léir don phláinéad, don sochaí agus do na glúnta atá le teacht.

Tá gach rud againn a theastaíonn do chóras bia níos fearr, níos inbhuanaithe. Ní raibh am níos fearr ann riamh chun gníomhú, agus sampla a thabhairt don domhan.

ÁR GCUSPÓIR

Cabhraíonn ár gcuspóir (mar a leagtar amach thíos), le tosaíocht, fócas agus inspioráid a chur leis an gcúis is ann do Bhord Bia. An ról atá againn, cur go suntasach le rathúlacht seasta bhia agus deoch na hÉireann fad a léirímid bród ollmhór as táirgí na hearnála, as na daoine a oibríonn inti, as an áit atá aici agus as an dul chun cinn a dhéanann sí. Dírímid ar thacú lenár gcliaint (táirgeoirí agus feirmeoirí) agus iad a chumasú le go bhféadfaidh siad oibriú i mbarr a réime agus táirgí iontacha bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a chur ar fáil ar fud an domhain.

Is é ár gcuspóir an réalta eolais a bheidh againn sa tréimhse 2019-2021, an fáth a bhfuil muid ann, chun cabhrú le cliaint a spriocanna a bhaint amach.


“Táirgí iontacha bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a chur ar fáil ar fud an domhain, agus mar sin fás agus inbhuanaitheacht táirgeoirí a chumasú.”

Gabháil & Cruthú Luacha



Sna 10 mbliana agus sna 3 bliana amach romhainn díreofar ar ghabháil agus ar chruthú luacha. Tá gach gníomhaíocht a ndéanaimid mar eagraíocht leagtha amach chun an luach a ghlacann ár gcliantchuideachtaí sa mhargadh a mhéadú. Beidh Food Brand Ireland ag cur **Difreáil Chliste** chun cinn agus leanfar ar aghaidh ag cabhrú Bia, Deoch agus Gairneoireacht na hÉireann a phréimhiú trí chothromas fadtéarmach a thógáil. **Ár neart a fhorbairt ó thaobh na hInbhuanaitheachta de**. Cuideoidh ár gcuid oibre maidir le léargas-nuálaíochta agus forbairt branda le luach a chruthú ach díriú i ndáiríre ar **Chothú Inbhuanaithe**. Agus ar fud an domhain leanfaimid orainn ag glacadh luach trí rochtain a fháil ar **Chainéil Athmhúnlaithe**.

Seasfaidh na téamaí seo an fód sna 10 mbliana amach romhainn agus aistreofar iad ina bpleananna gníomhaíochta comhtháite le linn na 3 bliana amach romhainn.



Leis an straitéis bainfear leas as cumhacht luathaithe na hinbhuanaitheachta, an digitithe agus na ndaoine; iarracht a dhéanamh i gcónaí moladh Bhord Bia 'Todhchaí faoi bhláth a chothú' a chomhlíonadh.

2.2. An bua le Difreáil Chliste

Deich mbliana de **shaineolas agus speisialtacht** atá i gceist leis an tréimhse 2021-2031, seachas ginearálaithe. Sna deich mbliana amach romhainn beidh ar dhéantóirí agus ar tháirgeoirí a dtairiscint a chur in oiriúint do chohóirt tomhaltóirí atá níos deacra a shásamh. Tá deireadh ag teacht le ré na mórmhargaíochta, beidh réitigh spriocdhírithe, do ghrúpaí a bheidh deighilte go hiomlán, an-choitianta.

As seo tiocfaidh grúpaí tomhaltóirí chun cinn níos mó agus níos mó, grúpaí a chuireann iad féin in iúl lena gcuid difríochtaí óna chéile; an treibh leathveigeatóra, grúpaí atá gafa ag cothú, daoine a bhfuil dúil acu i mbianna áitiúla, na daoine atá dírithe go feidhmiúil, níl anseo ach cuid de na grúpaí atá ag teacht chun cinn.

Dírítear leis seo ar bhuanna na hÉireann, mar tháirgeoir bia sofhreagrúil i lár an aonaigh dhomhanda - mar is deis é díriú ar an rud sin a fhágann go bhfuil ár mbia agus deoch speisialta, difriúil agus ábhartha do ghrúpaí scoite tomhaltóirí domhanda.

Mar gheilleagar beag oscailte leanfaimid orainn ag cothú caidrimh trádála le custaiméirí i margaí nua agus seanbhunaithe. Níos mó ná aon earnáil eile, múnlaítear riachtanais chustaiméirí bia, dí agus gairneoireachta de réir éilimh an tomhaltóra deiridh. Tá deis ann dár dtionscal idirdhealú a dhéanamh idir muid féin agus custaiméirí le margaíocht gnólacht le gnólacht den scoth.

Tá freagairt do riachtanais nua agus do riachtanais atá ag teacht chun cinn i gcroílár dhifreáil chliste; ní hamháin go bhfuil an deis ann do tháirgeoirí bia dul san iomaíocht ar phraghas, ach tá deis ann freisin foinsí nua breisluacha do thomhaltóirí a réamh-mheas.

Tá sé ríthábhachtach difreáil na hÉireann a chur in iúl - agus ba cheart go mbeadh an freagra seo fréamhaithe i gcroílár fhírinne na nádúrthachta: gur oileán de speisialtóirí bia nádúrtha muid; gur oileán de dhaoine rannpháirteacha agus samhlaíocha go nádúrtha muid; go bhfuil an t-ádh orainn go bhfuil aeráid mheasartha nádúrtha bhreá ag ár n-oileán, atá suite ar imeall creagach na hEorpa; go dtagann sármhaitheas ár dtáirge go díreach ón dúlra, seachas a bheith ag 'tincéireacht' leis.

Ag leibhéal feidhmiúil seachadtar cothú nádúrtha le bia na hÉireann, ar bhealach freagrach. Ag leibhéal mothúchánach cuirimid taitneamh nádúrtha ar fáil, trí bhlas. Is cuid thábhachtach de Food Brand Ireland é seo.

Tá cúrsaí digiteacha ag cur isteach ar mhúnlaí gnó traidisiúnta agus leanfaidh sé seo ar aghaidh ag tarlú sna deich mbliana amach romhainn. Inár ndifreáil chliste, beidh Bord Bia i gceannas ar an aistriú go digitiú. Oibreoimid le páirtithe leasmhara, ag ullmhú chun go n-éireoidh linn trí rannpháirtíocht uile-chainéil le custaiméirí, ardáin soláthraithe a athrú agus timthriallta nuálaíochta giorraithe.

Is ábhar misnigh dúinn an deis nuálaíochta a d'fhéadfadh teacht aníos ó tharla go bhfuil Éirinn mar mhol Eorpach na láithreachta ardteicneolaíochta, a thugann deis dúinn oibriú lenár gcomharsana domhanda ceannasacha.

GNÍOMHARTHA

1. **Margaíocht dhigitithe den scoth a sholáthar chun difreáil a chur chun cinn i margaí tosaíochta.**
2. **Infheistiú a dhéanamh i margaíocht inscálaithe i margaí tosaíochta spriocdhírithe.**
3. **Ár sócmhainní Food Brand Ireland a dhigitiú thar gach gné den slabhra soláthair.**
4. **'Sonraí móra' a ghiaráil chun díriú go héifeachtach ar chustaiméirí atá níos deacra a shásamh.**
5. **A chinntiú go bhfuil sainscileanna i ndigitiú i gcroílár thionscal na hÉireann.**
6. **Cliaint a ullmhú trí thacaíochtaí ceannródaíocha a sholáthar dóibh m.sh. nuálaíocht, branda, léargas agus tallann.**
7. **Páirtithe leasmhara a spreagadh chun a bheith nuálach i dtaobh Food Brand Ireland.**

2.3. Ár Neart a fhorbairt ó thaobh na hInbhuanaitheachta de


Tá muid i ré deich mbliana ina mbeidh inbhuanaitheacht mar shaincheist shainmhínithe ó thaobh na heitice agus na heacnamaíochta de agus go sóisialta. An rud a fheileann don domhan, feileann sé do thomhaltóirí an domhain, mar caithfidh sochaithe sláintiúla agus athléimneacha spás a thabhairt don Dúlra.

Ailínithe le Straitéis Físe Agraibhia 2030 na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus faoi stiúir páirtithe leasmhara, chomhaontaíomar cur chuige córais bhia a ghlacadh a chuimsíonn, ní hamháin na saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar an earnáil a bhreithniú, ach freisin na caidrimh idir an córas bia agus daoine (cothú agus folláine) agus an timpeallacht. Dar le Foras Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe: Is éard atá i gcóras bia inbhuanaithe (SFS) ná córas bia a sholáthraíonn slándáil bhia agus cothú do chách ar bhealach nach gcuireann i gcontúirt na boinn eacnamaíocha, timpeallachta agus sóisialta is gá chun bia agus cothú a ghiniúint do na glúnta atá le teacht. Ciallaíonn sé sin:.

Tá sé brabúsach tríd is tríd (inbhuanaitheacht eacnamaíoch);

Tá buntáistí leathanbhunaithe aige don tsochaí (inbhuanaitheacht sóisialta);

Tá tionchar dearfach nó neodrach aige ar an timpeallacht nádúrtha (inbhuanaitheacht chomhshaoil).



Feicimid inbhuanaitheacht mar théama sonrach ó thaobh gach rud a mbeidh á dhéanamh againn in 2021 - 2031, leabaithe inár smaointeoireacht, ag cur cló úr ar an mbealach a tháirgtear bia agus a chruthaítear luach.

Tá bunús an bhia agus na dí a tháirgtear go hinbhuanaithe i gcruthú feasachta mar fhreagra ar ghéarchéim aeráide - turas a éilíonn anois go dtagann gach gníomhaí sa slabhra luacha le chéile agus go n-oibrítear le chéile, lena n-áirítear rialtas, feirmeoir, táirgeoir, déantóir, trádálaí, infheisteoir, miondíoltóir agus tomhaltóirí.

Tá córas inbhuanaithe comhdhéanta de go leor sraitheanna atá ceangailte le chéile go hiomlán: sláinte, geilleagar, talmhaíocht, córais a bhaineann leis an tsochaí - iad uile rannpháirteach i bhfís shimplí a dhearbhaíonn go n-úsáidtear níos lú acmhainní ar bhealach níos cothroime, agus le toradh níos fearr.

De réir a dea-cháil, tá buntáiste ar leith ag Éire ag tús na ndeich mbliana nua seo mar gheall ar ár gcáilíochtaí nádúrtha, ár ndaonra beag agus ár suíomh geografach san Atlantach thiar thuaidh. Luíonn sé go mór le réasún, ar bhealach iomasach agus mothúchánach do thomhaltóirí ar fud an domhain, gur táirgeoir bia inbhuanaithe í Éire.

Tá sé thar am anois fianaise a chur leis seo.

Beifear ag súil torthaí cearta a chur ar fáil le linn na tréimhse deich mbliana seo. Ó thaobh Bord Bia, ciallaíonn sé seo bogadh ó chur chuige bunaithe ar spriocanna agus bunaithe ar luachanna, maidir le hinbhuanaitheacht in Origin Green, go coincheap nua de chuid Origin Green (2.0) a sheachadann pointí cruthúnais, athrú soléirithe agus a bheidh mar chuid de cheannaireacht na hÉireann i dtáirgeadh bia inbhuanaithe ar an stáitse domhanda.

Tugann seasamh den sórt sin smaointeoireacht chomhoibritheach iomlánaíoch le tuiscint, rud atá dúshlánach chomh maith le bheith samhlaíoch. Tá an t-aistriú, chun dul chun cinn soléirithe a sheachadadh, bunaithe ar athruithe i dtrí chéim :

1. **Tiomantas chun bithéagsúlacht agus réitigh bunaithe ar an dúlra a neartú ar fud thírdhreach na hÉireann d'fhonn gnáthóga agus cleachtais a chaomhnaíonn ithreacha sláintiúla, ar mhórán carbóin agus cothaitheach, a chaomhnú, a fheabhsú agus a athbhunú,**
2. **Conair shonrach sholéirithe chuig astaíochtaí glan-nialasacha faoi 2050, a thugann le tuiscint athruithe sistéamacha ar an gcaoi a gcuirimid bia ar fáil ar fud an tslabhra soláthair sna deich mbliana amach romhainn go ciseáin chothromaithe agus cothú inbhuanaithe do thomhaltóirí - córas ceann go ceann.**
3. **Leas níos fearr a bhaint as na deiseanna a chruthaítear trí inbhuanaitheacht chiorclach ar fud an tslabhra luacha iomláin, mar shampla dramhaíl bhia agus lorg an phacáistithe trí chomhoibriú le custaiméirí agus le comhpháirtithe tionscail.**
4. **Tiomantas do shlabhraí soláthair atá freagrach agus trédhearcach agus a thugann dearbhuithe do chustaiméirí agus do thomhaltóirí maidir le foinse agus cleachtais.**

Is léir do Bhord Bia a ról mar chrann taca agus mar lucht déanta dul chun cinn, chun tionchar a imirt ar an Rialtas agus gníomhaithe uile an tslabhra luacha a mhealladh ó thaobh thábhacht an athraithe inbhuanaithe.

Tá feirmeoireacht agus táirgeoirí i gcroílár na straitéise seo, agus muid ag iarraidh an toradh is cothroime a bhaint amach ónár dtírdhreach. Cuirfidh an cur chuige iomlánaíoch, cothromaithe agus cóir seo bonn eolais ar fáil dár gceannaireacht maidir le raon leathan próitéiní a sholáthar do thomhaltóirí.

Tá ról suntasach ag an ngairneoireacht sna deich mbliana amach romhainn, i gcomhthéacs na gluaiseachta próitéine plandaí atá ag leathnú, a thairgeann roghanna nua aiste bia agus a bhfuil ról inchosanta, fadtéarmach aige le tabhairt faoin gclár inbhuanaitheachta.

Sna deich mbliana amach romhainn beidh lucht Gen Z ina ndaoine fásta - táirgeoirí agus tomhaltóirí nua i ndomhan nua atá sáite i bhfeasacht maidir le ciorclaíocht acmhainní an domhain agus an ról a imríonn bia agus iad féin ina chinniúint. Rachaimid i dteagmháil leis an nglúin úr seo ar bhealach níos iomláine, níos eolaíche agus níos mothúchánaí ar thuras na hInbhuanaitheachta. Is deis oideachais ar leith é seo sna deich mbliana amach romhainn, agus deis a chuirfidh Bord Bia chun cinn.

GNÍOMHARTHA

1. **Fíorthionchar agus cruthú luacha ó Origin Green a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara.**
2. **Bonneagar gabhála sonraí agus anailíse de chuid Origin Green a fhorbairt chun tacú le Difreáil Chliste.**
3. **Comhpháirtíochtaí custaiméirí agus soláthraithe a chruthú chun tosaíocht a thabhairt d'onnmhairí arna fhíorú ag Origin Green**
4. **Caighdeáin/pointí cruthúnais den scoth a sholáthar do Origin Green chun ár áit reatha a chinntiú agus luach a ghabháil sa mhargadh**
5. **Bonneagar Origin Green a fhorbairt chun féachaint chuige go seasfaidh an tionscal an aimsir sa todhchaí maidir le héilimh margaidh/beartais atá ag athrú .**
6. **Nuálaíocht agus trédhearcacht inbhuanaithe inscálaithe a chur chun cinn ar fud ár slabhraí soláthair.**

2.4. Cothú Inbhuanaithe a Threisiú

Is smaointeoireacht chomhleanúnach i dtáirgeadh bia atá i gceist sna deich mbliana seo, áit a n-aithnítear na príomhbhuntáistí a bhaineann le bia do dhaoine agus a ghníomhaítear orthu.

Éilíonn daonra an domhain bia cothaitheach, ar phraghas réasúnta. Ach, le tamall fada, bíonn cothú scoite amach ó bhia go minic.

Tá an bhuncheist seo domhain, fréamhaithe i gcur chuige sistéamach i leith bia a dhírigh go stairiúil ar an táirge (an rud) agus níos lú ar an tairbhe (an fáth). Tiocfaidh athrú ar an scéal le linn 2021-2031, agus glacfaidh Bord Bia ról gníomhach san athrú sin.

Ag croílár an turais chun cothú a 'fháil arís' i mbia is ea a admháil go dtagann na cothaithigh go léir ón dúlra, a fhaightear mar thoradh ar an idirghníomhaíocht le hithir thorthúil. Le himeacht ama, rinneadh olliompróir calraí den bhia uaireanta, scartha óna 'gcothaithigh' a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm go saorga i ndiaidh an ghnímh. Léiríonn na deich mbliana seo filleadh ar nádúrthacht an chothaithe i mbia, ar an tuiscint gur cheart go mbeadh an t-ualach cothaitheach mar chuid bhunúsach agus suite san ithir.

Tá Éire in áit mhaith chun ceannaireacht agus fócas a thabhairt do bhrí an chothaithe i mbia, agus tá a cáilíochtaí nádúrtha seanbhunaithe. Is é an chéad chéim eile bunús a thabhairt do bhrí an chothaithe i mbia na dtomhaltóirí agus é a shoiléiriú trí athmhúnlú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear faisnéis ar phacáistí i láthair agus an chaoi a dhéantar é a mhíniú, ach an comhrá a aistriú chuig an bhrí atá ag bia ó thaobh an chaoi a oibríonn sé le haghaidh an choirp. Is é an cleachtas is fearr ina thaobh seo ár saineolas inmheánach a fheabhsú agus comhoibriú le saineolas cothaitheach neamhspleách, iontaofa - agus comhrá nua a chur i bhfeidhm le chéile. Is é sin atá beartaithe againn a dhéanamh. Leis seo, comhpháirtithe nuálaíochta a lorg seachas sa tionscal bia, sin a bheidh ar ár gclár oibre.

Tá an cothú comhthéacsúil, níl sé daingean. Réimse deise a dhéanfaimid iniúchadh air lenár gcomhpháirtithe comhoibritheacha is ea tuiscint a fháil ar an gcaoi a dtagann cothaithigh isteach sa chorp agus an chaoi a n-aistrítear go cothú iad.

Athraíonn riachtanais chothaithe an duine ag brath ar aois, inscne, tíreolaíocht, nós maireachtála, srl. Go deimhin, tá an cothú an-phearsanta sa deireadh. Tá an teicneolaíocht ag déanamh dul chun cinn chun trédhearcacht agus inrianaitheacht ó bhia a chur ar fáil do thomhaltóirí aonair. Sna deich mbliana amach romhainn, úsáidfear sonraí chun riachtanais chothaithe tomhaltóra agus an bia a itheann siad a mheaitseáil ar bhealach níos fearr. Athmhúnlú é seo a bhfuil tionchar as cuimse aige ar an gcaoi ar féidir le bia agus deoch tairbhí feidhmiúla a thabhairt go gníomhach do dhaoine, chomh maith le foinse luacha.

Tá baint ag cothú le clár oibre níos leithne de chuid Bord Bia a chlúdaíonn an duine agus an phláinéid araon. Neartóimid an tábhacht a bhaineann le foinsí bia iontaofa, agus ról na hinbhuanaitheachta maidir leis na roghanna seo a dhéanamh.

GNÍOMHARTHA

1. **Ár saineolas eagrúcháin agus tionscail i dtaobh cothú inbhuanaithe a fhorbairt.**
2. **Comhpháirtíochtaí a bhunú le custaiméirí trádála agus soláthraithe Éireannacha maidir le tionscnaimh ciseán inbhuanaithe chun luach a ghiniúint.**
3. **Dlús cothaitheach phríomhtháirge na hÉireann a chur chun cinn le nuálaíocht agus oideachas.**
4. **Comhoibriú le náisiúin eile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ó thaobh clú atá os comhair ár dtionscail.**

2.5.

Cainéil Athmhúnlaithe a optamú

Sna deich mbliana amach romhainn is léir go mbeidh athrú sistéamach ar an gcaoi a dtagann tomhaltóirí ar a gcuid bia. De thoradh Covid-19, tá go leor cainéil á n-athmhúnlú cheana féin, le go leor doiléireachta i dtimpeallacht atá ag éirí níos uile-chainéalaí. Beidh struchtúr na gcainéal níos casta le go leor sraitheanna a fhágfaidh go mbeidh sé níos dúshlánaí cinnteoirí a aithint.

Beidh an teicneolaíocht i gcroílár an ratha sa todhchaí de réir mar a ghlacfaidh tomhaltóirí modhanna ordaithe, íocaíochta agus seachadta atá saoráideach ar fud na seirbhísí miondíola agus bia.

Tiocfaidh forbairt ar shamhlacha gnó ár gcustaiméirí chun tacú leis sin. Cuirfidh an digitiú dlús le fás an chainéil ar líne ag soláthar deiseanna do réimse níos leithne ach dúshláin do chuideachtaí ó thaobh seasamh amach i spás plódaithe. Leathnóidh Bord Bia an fócas go cainéil eile seachas miondíol traidisiúnta, le béim ar nuálaíocht do chustaiméirí agus dá gcuid tomhaltóirí.

Cruthóidh na fórsaí comhcheangailte seo riachtanas le haghaidh athrú scileanna i measc táirgeoirí bia agus dí chun custaiméirí a sholáthar go muiníneach agus iad féin a chur chun cinn mar sholáthraithe réitigh ar fud na gcainéal. Caithfidh Bord Bia a bheith chun tosaigh maidir leis an timpeallacht nua sin a réamh-mheas agus a chur ar chumas cliaint a bheith faoi bhláth.

Maidir le miondíol, bainfimid leas as na deiseanna a thairgeann miondíol athmhúnlaithe le béim mhéadaithe ar eispéireas, ar an gcéadfacht agus ar an amharclannaíocht agus úsáidfimid an cainéal chun cur leis an tseirbhís ar líne. Ó thaobh Bord Bia, tá an deis ann an bua a fháil sa dá réimse seo ach ról ceannaireachta a chur in iúl (ag baint úsáid as samhlaíocht aitheanta na hÉireann) chun a thaispeáint an chosúlacht atá ar an gceann nua is fearr sa rang.

Sa tseirbhís bia, ullmhóimid cuideachtaí cliaint chun freastal ar thomhaltóir atá ag éirí níos airí faoin tsláinte, agus é ag iarraidh a bheith tógtha le rud nua agus áisiúlacht na dtairiscintí taobh istigh agus lasmuigh den áitreabh. De réir mar a thagann samhlacha gnó ár gcustaiméirí chun cinn chun tacú le cainéal ilsrathach atá níos casta, beidh Bord Bia ar thús cadhnaíochta maidir le deiseanna comhpháirtíochta a sholáthar chun gabháil luacha a uasmhéadú, leis an teicneolaíocht ina chroílár.

Sa déantúsaíocht, cuirfimid ár gcliaint ar fáil do chustaiméirí mar sholáthraithe réitigh, ag soláthar réiteach iomlán seachas a bheith ag díol comhábhair tráchtearraí leis an margadh. Déanfaimid iniúchadh ar réimsí nideoige a bhaineann úsáid as buanna uathúla táirgeoirí bia agus dí na hÉireann agus tógfaimid ár gcuid pointí cruthúnais difreáilte.

GNÍOMHARTHA

1. **Ár dtionscal a oiriúnú don todhchaí chun go n-éireoidh leis i ndomhan uile-chainéil le fadbhreathnaitheacht, léargas agus tallann.**
2. **Cumas a thógáil le cliaint chun go mbeidh siad mar phríomhpháirtithe inbhuanaithe ar fud na seirbhíse bia, na déantúsaíochta agus an mhiondíola.**
3. **Ár straitéis B2B a athrú chun caidrimh mharthanacha a thógáil le custaiméirí i margaí tosaíochta.**
4. **Comhpháirtíochtaí a chruthú le custaiméirí tosaíochta ó thaobh a gcainéal agus nuálaíocht margaidh.**
5. **Ár gcuid pointí cruthúnais difreáilte a thógáil chun luach a chosaint i margadh domhanda atá ag éirí níos baintí le tráchtearraí.**
6. **Idirghabhálacha spriocdhírithe B2B a fhorbairt trí fhócas géar a bheith ar chuntais chustaiméirí.**



2.6. Comhoibriú iomlánaíoch a chothú

Is iad na daoine atá i gcroílár an ratha - agus ní hiad na próisis, na táirgí ná an brabús. Le comhoibriú cumhachtach, fíor-Éireannach sna deich mbliana amach romhainn, feicfear gníomhaithe sa slabhra ón bhfeirm go dtí an forc ar bhealach nua. Is smaoineamh cumhachtach é.

Is léiriú é an comhoibriú ar chur chuige iomlánaíoch, atá mar shíniú ar na deich mbliana atá le teacht. Tosaítear le fadbhreathnú agus léargas - agus muid ag iarraidh tuiscint níos doimhne a fháil ar riachtanais daoine agus ar an ról atá ag bia ina saol. Comhoibríonn forbhreathnú agus léargas leis na tomhaltóirí iad féin, agus tugann muid saineolas ceannródaíoch chun éisteacht níos cúramaí agus aird níos fairsinge a thabhairt (ní hamháin go feidhmiúil ach go mothúchánach) maidir lena gcuid riachtanais atá ag teacht chun cinn.

Cuirtear an comhoibriú deiridh i measc daoine in iúl tríd an gcultúr féin - an bealach agus an modh ina mbíonn daoine ar fud an domhain ag idirghníomhú agus ag maireachtáil lena chéile, rud a bhunaíonn na cóid agus na 'rialacha' chun brí a chruthú. Is é seo an bhunobair chun luach a chruthú - ó tháirgí agus ó bhrandaí. Is bealach bunriachtanach iad na teicnící comhoibritheacha seo (ar a dtugtar 'léargas cultúrtha' nó 'séimeolaíocht' uaireanta) chun comhoibriú ar bhealach neamhlíneach agus samhlaíoch chun luach a chruthú.

Éilíonn cur isteach agus éiginnteacht comhoibriú sa mhargadh, agus inár gcur chuige iomlánaíoch, féachfaimid le comhpháirtíocht níos mó a dhéanamh le comhpháirtithe atá ann cheana agus le comhpháirtithe nua. Cuirfimid tionscal na hÉireann i láthair mar sholáthraithe réitigh, ag éascú inrianaitheacht agus trédhearcacht an tslabhra luacha iomláin. Úsáidfimid ár gcáil agus ár mbuanna chun smaointe, saineolas agus cultúir a thabhairt le chéile ar bhealaí nua chun ár gclár oibre do bhia agus do dheochanna den scoth a chur chun cinn. Féachfaimid níos faide ná an gnáthshlabhra luacha, i dtreo gníomhaithe nua ar nós uaschúrsálaithe agus athchúrsálaithe; ag aithint ról lárnach na bhfeirmeoirí agus na dtáirgeoirí mar nuálaithe cumasaithe, agus ní mar lucht glactha praghsanna.

.

GNÍOMHARTHA

1. **Leanúint le múnlú an tionscail le fadbhreathnú agus le ceannaireacht.**
2. **Na páirtithe leasmhara go léir a spreagadh chun cáil na hÉireann a chur chun cinn agus a sheachadadh ar an stáitse domhanda.**
3. **Foireann Bhord Bia a chur chun cinn mar shaineolaithe ar thuiscint chultúrtha chun ár margaíocht a aistriú go cruthú luacha níos éifeachtaí le daoine. (caidrimh níos leithne)**
4. **Saineolas a chruthú san eagraíocht thar na deich mbliana chun go mbeidh muid ábhartha i réimsí na hinbhuanaitheachta, an léargais agus na fadbhreathnaitheachta agus margaíochta digití a thráchtálú.**
5. **Comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus caidreamh níos doimhne a shainiú agus a fhoirmiú chun comhoibriú go hiomlánaíoch lenár gcustaiméirí agus lenár ngníomhaireachtaí.**
6. **Leanúint ar aghaidh ag obair go dlúth lenár ngníomhaireacht chomhpháirtíochta, Teagasc, ó thaobh fhreagairt na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ar athrú aeráide.**
7.

Straitéis 3 bliana Bhord Bia

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

3.1 Léargas Ginearálta & Creat Straitéiseach


Tugann ár straitéis 10 mbliana achoimre ar na príomhfhórsaí a ndéanfaidh Bord Bia a réiteach sna blianta amach romhainn. Tá na fórsaí seo suntasach go leor, bíodh sé mar uaillmhian againn **Ár Neart a fhorbairt ó thaobh na hInbhuanaitheachta de, Cothú Inbhuanaithe a Threisiú** nó an dúshlán a bhaineann le **Cainéil Athmhúnlaithe a optamú.**

CONTENTS

3.1 Léargas Ginearálta & Creat Straitéiseach
3.2 Ár gCuspóirí Gnó - 2022 go 2025
3.3 Ár gCeisteanna Lárnacha Straitéiseacha - 2022 go 2025
3.4 Caithfimid tabhairt faoi 1
3.5 Caithfimid tabhairt faoi 2
3.6 Caithfimid tabhairt faoi 3
3.7 Caithfimid tabhairt faoi 4
3.8 Caithfimid tabhairt faoi 5

03


Chun na huaillmhianta seo a bhaint amach leagamar amach sna 3 bliana amach romhainn roinnt 'jabanna atá le déanamh'. Tugtar “Caithfimid tabhairt faoi” ar gach ceann díobh seo, cúig phríomh-uaillmhian atá ag Bord Bia le comhlíonadh sa mheántéarma:



3.2. Ár gCuspóirí Gnó - 2022 go 2025


Feoil & Beostoc

Cuidiú le cosaint agus fás na hearnála Feola & Beostoic ar na margaí baile agus sa Ríocht Aontaithe agus cabhrú luach foriomlán onnmhairí Feola agus Beostoic a mhéadú €375 milliún/11% faoi 2025.



Déiríocht

Cuidiú le fás sciar déiríochta na hÉireann de mhargadh na hÉireann faoin mbliain 2025 AGUS cabhrú le onnmhairí déiríochta na hÉireann fás 10.5%/€508m a bhaint amach go luach €5.6bn le hinfheistíocht i bhforbairt margaidh san Afraic, san Áise, san Eoraip, sa Mheánoirthear, i Meiriceá Thuaidh agus sa Ríocht Aontaithe.



Bia Mara

Cuidiú le fás agus cosaint na hearnála bia mara ar an margadh baile agus luach onnmhairí bia mara a mhéadú €44m faoi 2025.



Mar gheall go bhfuil gabháil agus cruthú luacha i gcroílár ár straitéis, is é an pointe tosaigh cuspóirí gnó a fhorbairt dár n-uaillmhianta fáis i ngach earnáil. Tá sraith uathúil dúshlán os comhair gach earnáil a mhúnlaíonn ár smaointeoireacht agus scála ár n-uaillmhianta.

Gan amhras beidh tionchar ag comhaontaithe nua trádála ar an margadh is mó atá againn, an Ríocht Aontaithe, ar an gcumas atá ag ár n-earnáil Feola & Beostoic fás sa mhargadh sin. Múnlaíonn rátaí breithe laghdaithe sa tSín agus fócas méadaithe ar roghanna ó thaobh plandaí i margaí an Iarthair, ár smaointeoireacht ó thaobh na Déiríochta de.


Beidh sraith dúshlán ar leith roimh ár n-earnáil Bia Mara maidir le soláthar, agus seans go bhfeicfidh ár n-earnáil Gairneoireachta díbhinn ó thomhaltóirí atá ag éileamh níos mó aistí bia phlandabhunaithe.

Tá deis ag ár n-earnáil Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe fás i margaí na hEorpa de réir mar a thagann tionchar an Bhreatimeachta i dtreis. Agus tá súil againn go mbeidh athrú sistéamach ar rath na hearnála Alcóil ó chuir dianghlasáil Covid-19 stop le fás.

Leagtar amach inár straitéis trí bliana ár n-uaillmhianta fáis i ngach earnáil mar Chuspóirí Gnó. Tá na cuspóirí gnó seo mar bhunús dár bpleananna straitéiseacha ó 2022 go dtí 2025.

Gairneoireacht

Luach na hEarnála Gairneoireachta (ag Geata na Feirme) a mhéadú €51m go dtí €521m faoi 2025 le €43m ó mhargadh na hÉireann agus €8m ó onnmhairí.



Alcól

Cuidiú le fás agus cosaint na hearnála Alcóil ar an margadh baile agus luach onnmhairí alcóil a mhéadú €420m faoin mbliain 2025.



Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe

Cuidiú le fás agus cosaint na hearnála BTU ar an margadh baile agus sa Ríocht Aontaithe agus Onnmhairí BTU a fhás 14% go dtí €2.8bn faoin mbliain 2025 i margaí tosaíochta an AE, na SA agus an Mheánoirthir.



Organic


To help grow the value of the organic food sector by targeting specific opportunities for organic products on domestic and international markets, to support the Government's commitment to increase the utilisable agricultural area under organic production in Ireland to 7.5%.



3.3. Ár gCeisteanna Lárnacha Straitéiseacha - 2022 go 2025



Chun ár gcuspóirí a bhaint amach tá roinnt ceisteanna lárnacha straitéiseacha leagtha amach againn a fhreagróidh Bord Bia sna trí bliana amach romhainn. Tá ár smaointeoireacht anseo bunaithe ar cheithre luamhán féideartha straitéise ar féidir linn tionchar a imirt orthu, is iad sin:



Déanaimid idirdhealú suntasach inár straitéis trí bliana idir tomhaltóirí (úsáideoir deiridh an táirge) agus custaiméirí (ceannaitheoir ionchasach trádála). Tugtar mionsonraí thíos ar ár gCeisteanna Lárnacha Straitéiseacha a bhaineann go sonrach leis an earnáil.



Feoil agus Beostoc

BORD BIA'S CORE STRATEGIC QUESTIONS 2022-2025

Cén chaoi ar féidir linn cabhrú luach €1.4bn de ghnó le custaiméirí trádála ar fud earnáil na feola go léir sa RA agus na mairteola sa Fhrainc, san Ibéir agus san Ísiltír **a choinneáil** agus cuidiú luach €60m d'fhás incriminteach a chur chun cinn trí na caidrimh atá ann cheana?

Conas a chuidímid díolacháin feola na hÉireann le tomhaltóirí sa mhargadh miondíola baile **a choinneáil** agus luach €35m d'fhás incriminteach a chur chun cinn faoi 2025?

Conas a chuidímid **meáchan an cheannaigh** ó chustaiméirí seirbhíse bia le haghaidh feoil Éireannach sa mhargadh baile **a mhéadú** €25 milliún?

Conas a chuidímid Mairteoil na hÉireann **a Phréimhiú** i measc tomhaltóirí sa RA, sa Ghearmáin agus san Iodáil chun méadú €50m ar onnmhairí mairteola a sheachadadh faoi 2025?

Conas a chuidímid **meáchan an cheannaigh** de mhairteoil na hÉireann **a mhéadú** ag custaiméirí atá ann cheana san Eoraip (an Iodáil, an Ísiltír agus Seirbhís Bia i Lár agus in Oirthear na hEorpa, an Ghearmáin, Miondíol Nordach), san Áise agus i Meiriceá Thuaidh chun luach na n-onnmhairí a mhéadú €80m?

Conas a chuidímid custaiméirí nua trádála mairteola agus uaineola na hÉireann **a earcú** san Áise (an tSeapáin, an tSín) agus i Meiriceá Thuaidh agus uaineoil na hÉireann do chustaiméirí tosaíochta chun luach na n-onnmhairí a mhéadú €95m?

Conas a chuidímid **meáchan an cheannaigh** de chaoireoil na hÉireann **a mhéadú** le custaiméirí trádála atá ann cheana san AE (an Fhrainc, na Nordach, an Bheilg, an Ghearmáin) agus san Eilvéis, do dtí €20m faoin mbliain 2025?

Conas a chuidímid custaiméirí nua d'Fheoil Muice agus Éineoil na hÉireann **a earcú** san Áise (an tSín, na hOileáin Fhilipíneacha, Vítneam, an Chóiré Theas, an tSeapáin) agus Meicsiceo go dtí luach €28m?

Conas a chuidímid **meáchan an cheannaigh** d'Fheoil Muice agus Éineoil le custaiméirí trádála atá ann cheana sa tSín, sa tSeapáin, sna Stáit Aontaithe, san Astráil agus san Afraic Theas (Éineoil) **a mhéadú** go dtí €45m?

Conas a chuidímid le cliaint custaiméirí nua **a earcú** d'onnmhairí beo sa RA, sa Spáinn, san Iodáil, san Afraic Thuaidh, sa Mheánoirthear agus sa Rúis le haghaidh eallach níos sine agus luach na n-onnmhairí chuig na réigiúin seo a mhéadú faoi xxxx agus luach €156m a choinneáil ?

Déiríocht

BORD BIA'S CORE STRATEGIC QUESTIONS — 2022-2025

Conas a chuideoimid luach €4.1bn de ghnó atá ann cheana **a choinneáil** le custaiméirí trádála i margaí tosaíochta: An Eoraip (an Ghearmáin, an Ísiltír, an Ríocht Aontaithe), SAM, an tSín, an tSeapáin agus margaí ionchasacha a fhás in Iarthar na hAfraice, sa Mheánoirthear (UAE, KSA) agus luach incriminteach €160 a sheachadadh?

Conas a dhéanaimid Comhábhair Déiríochta na hÉireann a phréimhiú ar luach €110m faoin mbliain 2025 sa tSín agus san Áise Thoir Theas?

Conas a chuideoimid custaiméirí trádála chomhábhair déiríochta na hÉireann a earcú i CN, VN, TH, PH, SG, MY agus IND ar luach incriminteach €107m faoin mbliain 2025?

Conas a chuideoimid **meáchan an cheannaigh** do dhéiríocht na hÉireann i measc na gcustaiméirí trádála atá ann cheana **a mhéadú** go luach incriminteach €131 san Afraic Thuaidh agus sa tSeapáin faoin mbliain 2025?

Conas a chuideoimid le cliaint déiríochta na hÉireann tomhaltóirí nua **a earcú** i margadh na hÉireann chun a sciar a mhéadú 5% faoin mbliain 2025?





Bia Mara

BORE BIA'S CORE STRATEGIC QUESTIONS 2022-2025

Conas a dhéanfaimid **meáchan an cheannaigh** de bhia mara na hÉireann i measc custaiméirí trádála in FR, SP, CN, **a mhéadú** €5m faoin mbliain 2025?

Conas a dhéanfaimid Bradán & Sliogéisc Orgánach na hÉireann **a phréimhiú** i measc tomhaltóirí i FR agus DE ag tabhairt isteach €6m faoin mbliain 2025?

Conas a dhéanfaimid custaiméirí nua do bhia mara na hÉireann a earcú i CN, JP, VT, SG, SK, TH ar luach €33m?

Conas a dhéanfaimid **meáchan an cheannaigh** i measc tomhaltóirí sa mhargadh baile, go háirithe maidir le speicis nach mbaintear go leor úsáide as (iasc bán, portán) **a mhéadú** €7m ó thaobh miondíola faoin mbliain 2025?

Gairneoireacht

BORD BIA'S CORE STRATEGIC QUESTIONS 2022-2025

Conas a dhéanaimid **meáchan an cheannaigh** de Tháirge Úr na hÉireann **a mhéadú** i measc tomhaltóirí agus custaiméirí ar bhealaí éagsúla ar an margadh baile a chruthóidh luach breise €33m ag geata na feirme faoin mbliain 2025?

Conas a dhéanaimid **meáchan an cheannaigh** de Phlandaí a Fásadh in Éirinn a mhéadú i measc tomhaltóirí agus custaiméirí trí iliomad bealaí ar an margadh baile a chruthóidh luach breise €10m ag geata na feirme faoin mbliain 2025?

Conas a dhéanaimid **meáchan an cheannaigh** de Tháirge Úr na hÉireann **a mhéadú** i measc custaiméirí agus tomhaltóirí ar bhealaí éagsúla i margadh na RA a chruthóidh luach breise €6m ag geata na feirme faoin mbliain 2025?

Conas a dhéanaimid ceannaitheoirí nua **a earcú** i margaí na RA do tháirgí taitneamhachta na hÉireann a thabharfaidh gabháil luacha €2m ag geata na feirme faoin mbliain 2025?





Drinks

BORD BIA'S CORE STRATEGIC QUESTIONS — 2022-2025

Conas a dhéanfaimid **meáchan an cheannaigh** d'alcól na hÉireann i measc custaiméirí sna SA, Ceanada agus AE (DE, CEE) & RU **a mhéadú** €350m faoin mbliain 2025?

Conas a dhéanfaimid custaiméirí nua alcóil na hÉireann **a earcú** sna SA, i gCeanada agus san AE (DE, CEE) & RU le luach €70m faoin mbliain 2025?

Conas a dhéanfaimid custaiméirí beoir cheirde agus leann úll cheirde na hÉireann a choinneáil agus a earcú ar an margadh baile?

Bianna Tomharltóra Ullmhaithe

BORD BIA'S CORE STRATEGIC QUESTIONS — 2022-2025

Conas a chuideoimid le cliaint BTU custaiméirí trádála **a earcú** chun a n-uaillmhianta tráchtála ilchainéalacha a sheachadadh i FR, DE, NL, SW, SP & US ar luach €180m faoin mbliain 2025?

Conas a chuideoimid le cliaint BTU a gcustaiméirí trádála reatha agus a luach gnó (€1.7 billiún) i margadh na RA **a choinneáil**?

Conas a chuideoimid le cliaint BTU custaiméirí trádála **a earcú** chun a n-uaillmhianta tráchtála ilchainéalacha a sheachadadh sa RA ar luach €170m faoin mbliain 2025?

Conas a dhéanfaimid **meáchan an cheannaigh** de BTU na hÉireann **a mhéadú** €100m ar fud na gcainéal uile sa mhargadh baile faoin mbliain 2025?















Organic

While the sectors and aligned ambition mentioned above include organic production within those sectors, given the ambition in the Programme for Government to align Ireland's organic land area with that of the current EU average and the commitment to focus on developing domestic and international organic markets, Bord Bia will

Deliver our actions under the Review of Organic Food Sector and Strategy for its Development 2019-2025 including the following for Market Identification and Activation:

- Creating a multi-annual marketing strategy plan to target specific opportunities for organic products on domestic and international markets.
- Promotion activities to increase consumer understanding of organic products, awareness of organic product availability and seasonality.

We Must Do 1

3.4. Food Brand Ireland a thógáil agus na pointí cruthúnais a fhorbairt tuilleadh

Cad atá i gceist??

Seachadfaidh Bord Bia ár dteachtaireacht Food Brand Ireland ar scála trí fheachtais ‘scátha’ tras-earnála níos aontaithe.

Caithfidh Bord Bia leanúint ar aghaidh ag tógáil 'Food' Brand Ireland – ár gcáil sa mhargadh, le custaiméirí agus tomhaltóirí araon – chun Difreáil Chliste ceart a sheachadadh d'Éirinn inár bpríomh-mhargaí.

TORTHAÍ:

Beidh Origin Green i gcroílár na ngníomhaíochta seo áit a leanfaimid orainn ag cur lenár láidreachtaí san inbhuanaitheacht agus ag forbairt pointí cruthúnais nua chun difreáil a chinntiú sa mhargadh.

Leanfar ag díriú ar mhuinín a chruthú le Marc Cáilíochta Bhord Bia agus Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaithe. Ach sna trí bliana amach romhainn iarrfar ar Bhord Bia an obair atá déanta ar chaighdeán Bhord Bia maidir le Dearbhú Féarfothaithe a mhéadú.

Agus, chun a chinntiú go ndéanaimid luach a ghabháil agus go bhfaighidh ár dtáirgeoirí an méid atá tuillte acu, caithfimid Origin Green a bhrú níos faide le pointí cruthúnais nua dár mbranda a bhaineann le Cothú Inbhuanaithe, Leas Ainmhithe agus táirgeadh eiticiúil. Beidh rannpháirtíocht feirmeoirí agus táirgeoirí ríthábhachtach chun an uaillmhian seo a sheachadadh agus oibreoidh Bord Bia go dlúth lenár bpobal feirmeoireachta chun na dúshláin atá amach romhainn a réiteach.

Is é uaillmhian straitéiseach Bhord Bia sna 10 mbliana amach romhainn Luach a ghabháil sa mhargadh le Difreáil Chliste. Tá sé ríthábhachtach difreáil na hÉireann a chur in iúl - agus ba cheart go mbeadh an freagra seo fréamhaithe i gcroílár fírinne na **nádúrthachta**. Is é Food Brand Ireland an modh chun cothromas cháil na hÉireann a thógáil ar bhealach comhtháite agus gaolmhar ar fud earnálacha agus margaí. Caithfidh an cothromas sin **cur lenár Neart ó thaobh na hInbhuanaitheachta** de agus tosú ag forbairt buntáistí a bhaineann lenár **gCothú Inbhuanaithe**..

1. **Cruthóimid branda (Food Brand Ireland) a bhfuil meas ag custaiméirí air agus sraith buntáistí faoi stiúir an mhargaidh atá in úsáid go gníomhach ag cliaint chun luach níos mó a ghiniúint sna blianta 2022, 2023 & 2024.**

2. **Cinnteoimid go dtacóidh Origin Green le forbairt chórais bhia inbhuanaithe na hÉireann de réir riachtanais an mhargaidh sna blianta 2022, 2023 & 2024.**

3. **Cruthóimid abhcóideacht le feirmeoirí, i gcomhpháirtíocht leis an tionscal, do chórais bhia inbhuanaithe sna blianta 2022, 2023 & 2024 trí léiriú agus cumarsáid a dhéanamh ar an gcaoi a chuireann an obair seo luach leis.**

Caithfimid tabhairt faoi 2

3.5. Bealaí Níos Fearr a aimsiú dár gcliaint agus dár gcustaiméirí chun Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí a chruthú

Cad atá i gceist?

Déanfaidh margaíocht chaidrimh den scoth ó Bhord Bia caidrimh níos fearr ná riamh a chruthú idir cliaint agus custaiméirí.

D’athraigh an paindéim Covid-19 an bealach a ndéanann ár gcliaint teagmháil lena gcustaiméirí.

Fógraítear i straitéis 10 mbliana Bhord Bia ár n-uaillmhian **Cainéil Athmhúnlaithe** a Optamú sna 10 mbliana amach romhainn. Athróidh bealaí chun margaidh, ní raibh ár gcumas custaiméirí a bhaint amach i margaí seanbhunaithe agus margaí atá ag teacht chun cinn chomh tábhachtach dár gcliaint riamh, go háirithe de réir mar a bhíonn an t-am a chaitear aghaidh ar aghaidh le custaiméirí ag éirí níos teoranta.

De réir mar a fhéachann ár gcliaint le teagmháil éifeachtach a dhéanamh le custaiméirí beidh níos mó iomaíochta i gceist ná bhí riamh. Cuireann ardáin chumarsáide nua, seachas na Seónna Trádála traidisiúnta nó cruinnithe ceannaitheoirí, deiseanna ar fáil d’iomaitheoirí dul i dteagmháil le custaiméirí ar bhealaí nár shamhlaigh muid roimh Mhárta 2020. Déanfaidh Bord Bia **Difreáil Chliste** a sheachadadh dár gcliaint trí Food Brand Ireland a thógáil le **bealaí níos fearr chun ceangal a dhéanamh.**

D’fhéadfadh sé gur **Comhpháirtíocht Straitéiseach** an uaillmhian deiridh le haghaidh caidrimh a chruthú idir custaiméirí agus cliaint. Mar sin féin, is féidir le Bord Bia an **Luach** is mó a sheachadadh trí chur chuige fíorphleanála i leith margaíochta caidrimh a dhéanfaidh difreáil cheart idir ár dtionscal agus ár n-iomaitheoirí.

TORTHAÍ:

1. **Plean claochlaithe Margaíochta Caidrimh a fhorbairt, a thástáil agus a sheachadadh le linn 2022, 2023 agus 2024.**
2. **Deiseanna níos mó agus níos fearr a fhorbairt agus a fhorghníomhú trí Phleananna Cliant-Custaiméirí Comhtháite faoi dheireadh 2022.**
3. **Plean comhtháite Bainistíochta Ábhar a fhorbairt agus a sheachadadh faoi dheireadh 2022.**

Caithfimid tabhairt faoi 3

3.6. Tallann ó Earnáil na Tionsclaíochta a Chothú agus a Mhealladh agus Cumas na gCliant a chur chun cinn

Cad atá i gceist?

Déanfaidh Bord Bia cumas san inbhuanaitheacht a aistriú go cruthú luacha don tionscal.

Tugann Straitéis 10 mbliana Bhord Bia achoimre ar ár n-uaillmhian Comhoibriú iomlánaíoch a chothú idir ár gcliaint, a gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara níos leithne chun níos mó Luach a chruthú agus a ghabháil sa deireadh.

Tá cothú agus mealladh tallann i gcroílár na huaillmhéine seo agus leanfaidh Bord Bia ag infheistiú i gCláir Tallann.

Le blianta beaga anuas tá Bord Bia ag déanamh infheistiú i gCumas Cliaint le fócas ar scileanna tráchtála chun luach a chruthú agus a ghabháil. Tá sé ríthábhachtach ceangal níos láidre a chruthú idir ár bpíblíne tallainne agus ár gcuid oibre maidir le Cumas Cliant chun an uaillmhian seo a sheachadadh, go háirithe agus muid ag iarraidh **Ár Neart a fhorbairt ó thaobh na hInbhuanaitheachta de.**

TORTHAÍ:

1. **Seirbhísí Inniúlachta Chliaint a Sheachadadh atá tógtha ar riachtanais thionscal Bia, Dí agus Gairneoireachta na hÉireann agus a nascann le Cláir Tallainne Tionscail 2022, 2023, 2024.**
2. **Sraith Clár Tallainne Tionscail a sheachadadh ailínithe lenár Straitéis 10 mbliana & 3 Bliana sna blianta 2022, 2023 & 2024.**
3. **Clár oideachais feidhmiúcháin a bhunú chun eolas cliaint a thógáil maidir le athrú aeráide agus inbhuanaitheacht bia ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí agus an bhoird sna blianta 2022, 2023 & 2024.**

Caithfimid tabhairt faoi 4

3.7. Tacú le Nuálaíocht agus Forbairt Branda bunaithe ar léargas

Cad atá i gceist?

Déanfaidh Bord Bia cumas san inbhuanaitheacht a aistriú go cruthú luacha don tionscal.

Leagtar amach i Misean 4 den straitéis nua Agraibhia 2030 an uaillmhian earnáil agraibhia nuálach, iomaíoch agus athléimneach a thógáil.

Ailíníonn straitéis 10 mbliana Bhord Bia leis an misean seo trí **Chomhoibriú iomlánaíoch a chothú**. Is trí chur chuige bunaithe ar léargas a mbeidh ár gcion uathúil, mar ghlór an mhargaidh, ag cur **ceannaireacht smaoinimh** chun cinn i measc ár gcomhpháirtithe eolaíochta bia.

Le cruthú agus gabháil **Luach** i gcroílár ár straitéise, beidh sé riachtanach táirgí Bia agus Dí na hÉireann a bhogadh suas an slabhra luacha. Tá forbairt branda mar phríomh-chomhábhar anseo agus muid ag leanúint ar aghaidh ag aistriú Bia agus Deoch na hÉireann ó lucht glactha praghsanna tráchtearraí go ceannairí den scoth. Beidh fócas ar **Ár Neart a fhorbairt ó thaobh na hInbhuanaitheachta de** freisin agus muid ag iarraidh an obair a dhéantar faoi Origin Green a aistriú go sochar do Dhaoine, don Phláinéad agus Brabús.

Agus muid ag dul ar aghaidh leis an straitéis, beidh Bord Bia, i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta (Teagasc agus Fiontraíocht Éireann) ag cur **Nuálaíocht Inbhuanaithe** chun cinn le cur chuige earnála comhordaithe.

TORTHAÍ:

1. **An clár oibre nuálaíochta sa todhchaí a mhúnlú ar leibhéal náisiúnta trí cheannaireacht smaoinimh a bheidh bunaithe ar léargas an tomhaltóra agus an mhargaidh sna blianta 2022, 2023 & 2024.**
2. **3 chomhpháirtíocht nuálaíochta a fhorbairt leis an bpobal Eolaíochta Bia sna blianta 2022, 2023 & 2024, le tacaíocht ónár rannpháirtíocht nua le comhpháirtíochtaí spriocdhírithe neamhbhia.**
3. **Tionscadail nuálaíochta agus forbartha branda faoi threoir léargas a chur i gcrích, ailínithe lenár Straitéisí Earnála, le 85 cliantchuideachta gach bliain in 2022, 2023 & 2024.**

Caithfimid tabhairt faoi 5

3.8. Tacóimid agus cuirfimid ar chumas na heagraíochta agus a páirtithe leasmhara straitéis a chur i bhfeidhm.

Cad atá i gceist?

Forghníomhaíonn Bord Bia a straitéis mar Bord Bia Amháin chun tionchar trasearnála a sheachadadh a chuireann ar ár gcumas a bheith níos fearr ná ár gcosúlacht.

Mar chuid dár straitéis 10 mbliana, d'aithin muid go raibh Comhoibriú iomlánaíoch a chothú taobh thiar de dhul chun cinn ó thaobh fás don tionscal.

Tá comhoibriú i measc ár bhfoireann le Bord Bia Amháin i gcroílár seachadadh rathúil ár n-uaillmhianta. Agus beidh ár bhfócas, mar fhoireann, ar an straitéis a chur i bhfeidhm le sármhaitheas chun Luach a sheachadadh ar ais chuig ár bpáirtithe leasmhara. Tacóidh Bord Bia leis an bhfoireann ar an turas seo.

TORTHAÍ:

1. **Ár ndaoine a mhealladh agus a chumhachtú chun straitéis a fhorghníomhú trí Fhorbairt Feidhmíochta, Rannpháirtíocht Trédhearcach agus Foghlaim agus Forbairt Leanúnach sna blianta 2022, 2023 & 2024.**

2. **Tuigfidh agus seasfaidh ár ndaoine le samhail oibriúcháin Bord Bia Amháin agus dea-chleachtas Rialachais Chorparáidigh lena n-áirítear bainistíocht buiséid, airgeadas, nósanna imeachta soláthair agus cloí le rialacha státchabhracha sna blianta 2022, 2023 & 2024.**

3. **Tacóidh an TF agus an bonneagar is fearr lenár bhfoireann agus lenár bpáirtithe leasmhara i dtimpeallachtaí oibre fisiceacha agus fíorúla sna blianta 2022, 2023 agus 2024, mar a thomhaistear iad le suirbhéanna rannpháirtíochta cliant agus foirne**

Riachtanais Straitéiseacha

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

Tá dhá riachtanas straitéiseach aitheanta againn a ritheann ar fud na gcúig cinn dár 'Caithfimid tabhairt faoi'. Is iad seo na gnéithe aontaitheacha dár straitéis chorparáideach a sheachadfaidh ár gclaochlú eagraíochtúil Bord Bia Amháin; Claochlú Digiteach agus Origin Green.

04

4.1. Straitéis um Chlaochlú Digiteach

TÉilíonn ár gcuspóirí “Caithfimid tabhairt faoi ” go mbeidh Bord Bia ar an eagraíocht margaíochta is fearr agus is sofhreagrúil i saol na n-onnmhairí bia agus dí. Má táimid chun an luach a thairgeann Food Brand Ireland i nDifreáil Chliste a bhaint amach, tá claochlú digiteach riachtanach. Má táimid chun níos mó luach a ghiniúint sna Cainéil Athmhúnlaithe, tá claochlú digiteach riachtanach. Teastaíonn cur chuige straitéiseach ó gach ceann de na huaillmhianta seo i leith claochlú digiteach. Sna 3 bliana amach romhainn, déanfaidh muid na nithe seo a leanas:

- Turas Cliaint Dinimiciúil, Pearsantaithe a chruthú
- Táirgí agus Seirbhísí Nua faoi stiúir Cliant a Thógáil
- Acmhainní dhigiteacha éagsúla a chruthú chun sofhreagrúlacht eagraíochtúil a chruthú
- Bord Bia a aontú le teicneolaíocht chaighdeánaithe saoráideach
- Rath a chur chun cinn le 12 Tiománaí Athraithe agus 12 KPI

CAD A BHEIDH AG BORD BIA TAR ÉIS CUR I BHFEIDHM NA STRAITÉISE DHIGITÍ SEO?

Feachtais dhigiteacha fíor-ama, in-athdhéanta, tras-rannacha a bhainistítear ar chomhchóras, a sholáthraíonn tuairisciú KPI a chuireann ar ár gcumas ár n-ábhar a fheabhsú go leanúnach.

Cainéil dhigiteacha chomhiomlánaithe in aon fhoinse amháin chun comparáid, cuíchóiriú éasca agus rialú buiséid níos fearr a cheadú, rud a fhágann go laghdófar costais.

Sprioclucht éisteachta cruinn trí sonraí páirtí 1, 2, agus 3 a aontú, éifeachtúlacht a chur chun cinn agus caiteachas a ísliú i measc bealaí íoctha agus úinéireachta.

Eispéiris phearsantaithe do chustaiméirí bunaithe ar dheighilt nua, rud a ligeann dúinn teagmháil a dhéanamh le custaiméirí leis an ábhar ceart ag an am ceart agus ag an am céanna aird a thabhairt ar a gcuid príobháideachas.

Tairseach lárnach chun ligean dár gcliaint B2B rochtain a fháil ar fhaisnéis agus sonraí ábhartha agus cumarsáid a dhéanamh go héasca le foireann Bhord Bia nuair is gá.

Foireann uasoilte a thuigeann na buntáistí a bhaineann le digiteach agus atá feistithe leis na cumais agus na huirlisí chun leas a bhaint astu

Córais a chloíonn le cearta an tomhaltóra/an chliaint/úinéir na sonraí agus a thugann na huirlisí is gá don fhoireann margaíochta chun gach reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh sa bhaile agus thar lear.

4.2. Straitéis Origin Green

Sainaithnítear in gach ceann dár “Caithfimid tabhairt faoi” an ról lárnach a bheidh ag inbhuanaitheacht dúinn chun ár n-uaillmhianta a bhaint amach.

OrMá táimid chun an luach a ghabháil ar féidir le Food Brand Ireland a thairiscint, tá sé riachtanach Ár Neart a fhorbairt ó thaobh na hInbhuanaitheachta de. Má táimid chun luach a ghabháil trí nuálaíocht faoi threoir léargas agus forbairt branda, tá sé riachtanach Cothú Inbhuanaithe a Threisiú.

Tá forbairt Origin Green, go dtí seo, tógtha timpeall ar an bhfócas ar tháirgeadh bia, dí agus gairneoireachta inbhuanaithe. Sna 10 mbliana amach romhainn beidh fócas níos mó, faoi Origin Green, ar chaitheamh bia, dí agus cothaithe inbhuanaithe.

Ár bhFís

Aithnítear Origin Green mar an príomhchlár inbhuanaitheachta náisiúnta ar domhan chun tacú le córas bia atá neodrach ó thaobh na haeráide agus dearfach ó thaobh an nádúir de agus a fheabhsaíonn folláine ar fud an tslabhra soláthair.

Ár gcuspóir

Athrú dearfach a spreagadh agus monatóireacht a dhéanamh air ar fud thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ionas gur féidir linn leanúint lenár gcáil dhomhanda maidir le inbhuanaitheacht bia a thógáil agus a chosaint.

Origin Green: Á chumhachtú ag Comhpháirtíocht

Ag glacadh treo straitéiseach a bhaineann le Comhoibriú iomlánaíoch a chothú, neartóidh an chéad chéim eile in éabhlóid Origin Green cur chuige comhpháirtíochta.

Ó thaobh na táirgeachta de, de réir an aistrithe chuig Córais Bia Inbhuanaithe, díreoidh Origin Green ar Chleachtais Dhearfacha Dúlra agus Neodrach ó thaobh na haeráide a sholáthar.

Ó thaobh an tomhaltais de, beidh fócas níos mó againn ar luach a dhíghlasáil ó thaobh Cothú Inbhuanaithe; Éileoidh an fócas seo go leanfaimid orainn ag seachadadh caighdeán bia níos fearr agus caighdeáin leasa níos fearr. Beidh orainn teagmháil a dhéanamh le feirmeoirí go leanúnach leis an obair seo agus muid ag iarraidh go n-aithneofaí muid mar cheannaire ó thaobh inbhuanaitheacht bia ar an stáitse domhanda.



BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

bordbia.ie